



12802/17

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0131 (COD)
2016/0132 (COD)
2016/0133 (COD)
2016/0222 (COD)
2016/0223 (COD)
2016/0224 (COD)
2016/0225 (COD)

ASILE 64
ASIM 110
CSC 219
EURODAC 30
ENFOPOL 441
RELEX 816
CODEC 1501

NÓTA

ó: An Uachtaránacht
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón gCoim.: 8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613
11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078
11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1
11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2
8765/1/16 REV 1 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630
8742/16 ASILE 12 CODEC 619
11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073

Ábhar:

Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar an Athshocrú

a) Baile Átha Cliath: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh)

b) Coinníollacha glactha: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh)

c) Cáilitheacht: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh)

d) Nós imeachta: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (An chéad léamh)

e) Eurodac: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainathint agus maidir le hiarrataí ó údarais forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)

f) EASO: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (An chéad léamh)

g) Creat Athshocratithe: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athshocraíochta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An chéad léamh)

= Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

Ar an 4 Bealtaine agus an 13 Iúil 2016, thíolaic an Coimisiún seacht gcinn de thograí reachtacha arb é is aidhm dóibh athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Áiríodh sa phacáiste sin athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Eurodac, togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhunú, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann san Aontas Eorpach, togra le haghaidh Rialachán um Cháilíochtaí, athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Creat Athshocraithe Aontais.

Lean Uachtaránacht na hEastóine ar aghaidh leis an scrúdú ar na tograí thuasluaite, obair ar chuir Uachtaránacht na hÍsiltíre tús léi agus ar lean Uachtaránacht na Slóvaice agus Uachtaránacht Mhálta léi. Cuireann an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn leis an tuarascáil roimhe seo a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 9 Meitheamh, mar a leagtar amach in 9781/17.

II. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

De bhun na n-iarrataí a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar bheartas an Aontais maidir le tearmann, agus ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht Mhálta, lean Uachtaránacht na hEastóine ar aghaidh leis an bplé d'fhonn teacht ar chomhréiteach maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta. Tá an obair seo bunaithe ar an tuiscint chomhchoiteann maidir leis an ngá atá ann teacht ar an gcothromaíocht cheart idir prionsabail na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta agus an gá atá lena áirithiú go bhféadfar déileáil le géarchéimeanna eile amach anseo, agus ar an tacaíocht leathan le haghaidh cur chuige cuimsitheach nach bhfuil an t-athchóiriú ar CET ach mar ghné amháin de.

Ag cur leis na gnéithe a sainithníodh faoi Uachtaránacht Mhálta mar na cinn a d'fhéadfadh comhaontú a bheag nó a mhór a tharraingt, agus ag cur leo siúd a raibh gá le tuilleadh oibre ina leith, dhírigh an Uachtaránacht reatha ar roinnt príomh-shaincheisteanna sonracha chun an tacaíocht riachtanach a chomhdhlúthú. Sna teagmhálacha déthaobhacha leis na toscaireachtaí, bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht tuiscint a chomhdhlúthú i ndáil leis na pointí atá cobhsaí den chuid is mó agus bonn coiteann a fháil a mhéid is féidir ar shaincheisteanna nárbh fhéidir teacht ar an gcomhréiteach ina leith go fóill. Bunaithe ar na teagmhálacha sin, pléifear an tsaincheist a thuilleadh ar an leibhéal polaitiúil in am trátha d'fhonn teacht ar an gcothromaíocht cheart lena gceadófaí do chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle leanúint de scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún. Ní mór a chur in iúl go láidir go bhfuil nasc idir gach gné den athchóiriú reatha agus go mbeidh gá le comhréiteach ar gach taobh d'fhonn an tacaíocht riachtanach a bhunú a mbeidh athchóiriú CET reatha mar thoradh air.

III. AN TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA

Rinne an Mheitheal um Thearmann an scrúdú tosaigh ar an togra maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha agus tá Comhairleoirí CGB á shaothrú go cúramach faoi láthair. Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt gnéithe den togra. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna fós ann nach mór dul i ngleic leo, go háirithe na forálacha a bhaineann leis na bearta arb é is aidhm dóibh gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, lena n-áirítear sainchónaí a shannadh, an choinneáil agus coinníollacha glactha ábhartha a laghdú agus a tharraingt siar, mar aon leis na forálacha maidir le mionaoisigh neamhthionlactha.

Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht cur chuige ginearálta páirteach a bhaint amach agus tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa chomh luath agus is féidir.

IV. AN RIALACHÁN UM CHÁILITHEACHTAÍ

Faoi Uachtaránacht na hEastóine, fuarthas sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa in Coreper ar an 19 Iúil 2017. Ní áirítear sa sainordú sin na forálacha ina bhfuil crostagairtí do thograí eile i bpacáiste CET ná forálacha sonracha, a bhfuil gá le tuilleadh plé ina leith sna comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle, agus táthar ag súil le comhaontú ag céim níos déanaí. Ní áirítear dhá shaincheist shonracha (an sainmhíniú ar bhaill teaghlaigh agus iarscríbhinn nua, ina mbeadh an fhaisnéis éagsúil a thabharfar do thairbhíthe na cosanta idirnáisiúnta) sa sainordú ach oiread. Tá sé de rún cheana féin ag an Uachtaránacht an dá shaincheist sin a phlé tuilleadh i mí Dheireadh Fómhair d'fhonn iad a áireamh i sainordú athbhreithnithe faoi dheireadh a téarma.

Thosaigh na cruinnithe trípháirteacha le Parlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2017. Cuireadh béim sa phlé, i measc nithe eile, ar na saincheisteanna íogaire seo a leanas: comhfhogasú stádas agus fad ceadanna cónaithe araon, rogha na cosanta inmheánaí agus a cur i bhfeidhm, athbhreithnithe stádais i leith tairbhíthe stádais dídeanaí agus stádas na cosanta coimhdí, an fhéidearthacht ag tairbhí cosanta idirnáisiúnta fanacht ar chríoch an Bhallstáit ar feadh trí mhí tar éis an stádas a aistarraingt ar bhonn scoir ("tréimhse chairde"). Maidir leis na gnéithe sin, tá seasaimh na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa an-éagsúil óna chéile agus, dá bharr sin, meastar go mbeidh caibidlíocht chasta ann.

Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht an plé a bhrú ar aghaidh le Parlaimint na hEorpa a mhéid is féidir chun comhaontú a bhaint amach faoi dheireadh a téarma.

V. AN RIALACHÁN UM NÓSANNA IMEACHTA

Chuir Uachtaránacht na hEastóine críoch leis an gcéad scrúdú ar an togra iomlán i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn ag tús mhí Mheán Fómhair, agus chuir sí tús leis na chéad dréacht-tograí comhréitigh sa Mheitheal um Thearmann an mhí chéanna. I mí an Mheithimh 2017, thug an Chomhairle Eorpach sainordú soiléir don Chomhairle an togra ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn a ailíniú, i dtaca le coincheap na tríú tíre sábháilte, le ceanglais éifeachtacha Choinbhinsiún na Ginéive agus le dlí príomha an Aontais. D'fhonn an dóigh is fearr a shainaithint chun an sainordú seo a chomhlíonadh, bhí díospóireacht bheartais maidir leis an tsaincheist sin in SCIFA (an Coiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann) (28 Meán Fómhair 2017). Mar an chéad chéim eile, tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht na forálacha ábhartha sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a athdhréachtú. Tá sé de rún ag an Uachtaránacht scrúdú ar na tograí comhréiteacha a shaothrú agus an méid dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh chun cur chuige ginearálta a bhaint amach.

VI. RIALACHÁN EURODAC

Tar éis an chomhaontaithe ag Coreper ar an 15 Meitheamh 2017 i ndáil le sainordú sínithe le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus an vóta sa Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), ar an 30 Bealtaine 2017, thosaigh an chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir le Rialachán athmhúnlaith Eurodac i mí Mheán Fómhair 2017. Cé go bhfuil seasamh na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa comhchosúil i dtaca le formhór na bhforálacha sa Rialachán athmhúnlaith, táthar ag súil go mbeidh gá le caibidlíocht níos casta maidir le rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí ar Eurodac, tréimhsí coinneála sonraí agus forálacha speisialta. Tá sé d'aidhm ag an dá chomhrechtóir comhaontú a bhaint amach ar an gcomhad sin roimh dheireadh théarma na hUachtaránachta reatha.

Maidir le sonraí faoi dhaoine athshocraithe a áireamh in Eurodac, cuirfidh an Uachtaránacht tograí dréachtaithe faoi bhráid chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle d'fhonn an sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a thabhairt chun críche.

VII. RIALACHÁN EUAA

Tar éis an chomhaontaithe maidir le cur chuige ginearálta páirteach sa Chomhairle ar an 20 Nollaig 2016, chuir Uachtaránacht Mhála tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2017. Mar thoradh ar shraith cruinnithe teicniúla agus cruinnithe tríthaobhacha, tháinig Uachtaránacht Mhála ar chomhaontú maidir le téarmaí achtacháin an téacs le linn an chruinnithe thríthaobhaigh ar an 28 Meitheamh. Tá Uachtaránacht na hEastóine ag leanúint den obair faoi láthair ar an leibhéal teicniúil d'fhonn aithrisí an téacs a ailíniú le corp an togra. Tar éis dheireadh an phlé theicniúil ní mór fós machnamh a dhéanamh ar shaincheist na dtagairtí do thograí eile i réimse CET a cuireadh i lúibíní cearnacha i sainordú na Comhairle don chaibidlíocht idirinstiúideach.

VIII. AN RIALACHÁN MAIDIR LE hATHSHOCRÚ

Shaothraigh Comhairleoirí CGB an plé ar an Rialachán um Chreat Athshocraithe agus scrúdaigh siad dréachtchonclúidí comhréitigh ag dhá chruinniú faoi Uachtaránacht na hEastóine (18 Meán Fómhair agus 3 Deireadh Fómhair).

Rinneadh dul chun cinn cheana maidir le roinnt gnéithe den togra, ach fós féin tá saincheistean na réitíodh go fóill, lena n-áirítear na sainmhínithe agus raon feidhme "athshocrú" agus "ligean isteach ar fhoras daonnúil" chomh maith leis an stádas a thugtar do dhaoine a ligeadh isteach.

Tá an Uachtaránacht ag obair ar thograí comhréitigh nua d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad seo ar leibhéal Chomhairleoirí CGB. Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht sainordú ón gComhairle a bhaint amach chun caibidlíocht a thosú le Parlaimint na hEorpa chomh luath agus is féidir.

IX. CONCLÚID

Iarrtar ar COREPER agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.